Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en, sl, sk)

7617/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0228(COD)

CODEC 512
AGRI 206
AGRILEG 63
SEMENCES 6
PHYTOSAN 16
FORETS 41

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**D'iarr an tSlóivéin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Slovenija meni, da kljub temu, da dogovor, dosežen v tristranskih pogajanjih o predlogu uredbe o gozdnem reprodukcijskem materialu, prinaša določene izboljšave, več pomembnih vprašanj ni zadostno obravnavanih.

Zlasti Slovenija poudarja potrebo po jasnejših in trdnejših določbah glede enotne uporabe pravil na notranjem trgu, da bi preprečili razhajanja pri izvajanju med državami članicami, ki bi lahko ogrozila pošteno konkurenco in sledljivost. Posebno pozornost bi bilo treba nameniti vlogi pristojnih organov pri izdajanju uradnih certifikatov ter možnosti, da države članice ohranijo učinkovite nacionalne nadzorne mehanizme ob upoštevanju posebnosti posameznega sektorja.

Slovenija nadalje poudarja, da pristop k uradnim nadzorom zahteva dodatno izpopolnitev, da bi ustrezno odražal posebne značilnosti gozdarskega sektorja. Čeprav lahko uvedba pristopa, ki temelji na tveganju, prinese večjo prožnost, mora biti ta podprta z zadostnimi varovalkami za zagotavljanje enotne ravni nadzora v Uniji in za preprečevanje neenake obravnave izvajalcev.

Poleg tega Slovenija izraža zaskrbljenost glede določb o kakovosti gozdnega reprodukcijskega materiala, zlasti glede dopuščanja določenih pomanjkljivosti, vključno s prisotnostjo škodljivih organizmov, pod pogojem, da ni dokazan negativen vpliv na kakovost. V tem kontekstu Slovenija meni, da je bistveno okrepiti varovalke, povezane z biološko varnostjo, zdravjem gozdov in preprečevanjem dolgoročnih tveganj, zlasti glede na nepovratno naravo vplivov na gozdne ekosisteme.

Ne glede na te pomisleke Slovenija priznava, da dogovor vsebuje nekatere pozitivne elemente, zlasti prostovoljno naravo nacionalnih načrtov za izredne razmere, pogojevanje uvoza iz tretjih držav z vključitvijo v shemo OECD za gozdni reprodukcijski material ter uvedbo petletnega prehodnega obdobja.

Glede na navedeno Slovenija poudarja, da so potrebne nadaljnje izboljšave besedila za zagotovitev visoke ravni varstva gozdnih genskih virov, pravne varnosti za izvajalce in enakih pogojev na notranjem trgu, ob hkratnem polnem upoštevanju posebnosti gozdarskega sektorja, zato se bo Slovenija pri glasovanju vzdržala.

**Courtesy translation in English**

Measann an tSlóivéin, cé go bhfuil roinnt feabhsuithe ag eascairt ón gcomhaontú ar thángthas air sa chaibidlíocht thríthaobhach i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise, nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha.

Go háirithe, cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir go bhfuil gá le forálacha níos soiléire agus níos láidre maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha sa mhargadh inmheánach chun éagsúlachtaí i ndáil le cur chun feidhme idir na Ballstáit a sheachaint, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'iomaíocht chóir agus d'inrianaitheacht. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ról na n-údarás inniúil maidir le deimhnithe oifigiúla a eisiúint, agus ar an bhféidearthacht a bheith ann do na Ballstáit sásraí rialaithe éifeachtacha náisiúnta a choimeád, agus imthosca earnáil-sonracha á gcur san áireamh.

Cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir freisin nach mór mionchoigeartú breise a dhéanamh ar rialuithe oifigiúla chun saintréithe sonracha earnáil na foraoiseachta a léiriú go leordhóthanach. Cé go bhféadfar níos mó solúbthachta a bheith mar thoradh ar chur chuige riosca-bhunaithe a thabhairt isteach, ní mór coimircí leordhóthanacha a bheith mar bhonn taca leis chun leibhéal aonfhoirmeach rialaithe a áirithiú ar fud an Aontais agus chun cóir neamh-chomhionann oibreoirí a chosc.

Thairis sin, is cúis imní don tSlóivéin na forálacha maidir le cáilíocht ábhair atáirge foraoise, go háirithe i ndáil le heasnaimh áirithe a bheith ceadaithe - lena n-áirítear lotnaidí a bheith ann - ar choinníoll nach léirítear aon éifeacht dhíobhálach ar cháilíocht. Sa chomhthéacs sin, measann an tSlóivéin gur den ríthábhacht é na coimircí a neartú maidir le bithshábháilteacht, sláinte foraoise agus rioscaí fad-téarma a chosc, go háirithe i bhfianaise chineál do-aisiompaithe an tionchair ar éiceachórais foraoise.

D'ainneoin na n-ábhar imní sin, aithníonn an tSlóivéin go bhfuil roinnt gnéithe dearfacha sa chomhaontú, go háirithe cineál deonach na bpleananna éigeandála náisiúnta, an coinníoll atá infheidhme ar allmhairí ó thríú tíortha nach mór bheith rannpháirteach i scéim ECFE maidir le hábhar atáirgthe foraoise, agus idirthréimhse 5 bliana a thabhairt isteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir go bhfuil gá le feabhsuithe breise ar an téacs chun ardleibhéal cosanta acmhainní géiniteacha foraoise, deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí, agus cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, agus saintréithe sonracha earnáil na foraoiseachta á gcur san áireamh ina n-iomláine; dá bhrí sin, staonfaidh an tSlóivéin ón vótáil.

**D'iarr an tSlóvaic go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Slovensko podporuje zámer návrhu nariadenia prispieť k posilneniu udržateľnosti, adaptačnej kapacity a odolnosti lesov Európskej únie zlepšením kvality a dostupnosti lesného reprodukčného materiálu a zároveň podporou súvisiacich inovácií, najmä v kontexte zmeny klímy. Tento návrh preto vnímame ako potrebný.

Pokiaľ však ide o možné vplyvy konečného kompromisného návrhu, ktorý vzišiel z medzi inštitucionálnych rokovaní, na konkurencieschopnosť lesníckeho sektora EÚ, Slovensko trvá na svojom stanovisku, že zahrnutie lesného reprodukčného materiálu do rozsahu pôsobnosti nariadenia o úradných kontrolách (OCR) vyvoláva základné otázky týkajúce sa proporcionality takéhoto riešenia vzhľadom na veľkosť a špecifiká sektora lesného reprodukčného materiálu. Ako príklad špecifickej situácie v odvetví lesníctva uvádzame nasledovné: Na rozdiel od veterinárneho, potravinárskeho a poľnohospodárskeho sektora sa dôsledky používania nevhodného reprodukčného materiálu pri obnove lesov prejavia až neskôr, často po mnohých rokoch.

Zároveň sa domnievame, že takéto riešenie môže neprimerane zvýšiť administratívnu a finančnú záťaž pre príslušné orgány aj profesionálnych operátorov a vyvolať potrebu významných zmien právneho a inštitucionálneho rámca na vnútroštátnej úrovni s osobitným dopadom na malé členské štáty.

**Courtesy translation in English**

Tacaíonn an tSlóvaic le haidhm an dréacht-Rialacháin rannchuidiú le hinbhuanaitheacht, acmhainneacht oiriúnaitheach agus athléimneacht fhoraoisí an Aontais Eorpaigh a neartú trí cháilíocht agus infhaighteacht ábhair atáirge foraoise a fheabhsú, agus nuálaíochtaí bainteacha á gcur chun cinn ag an am céanna, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Dá bhrí sin táimid den bharúil go bhfuil gá leis an togra seo.

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra comhréitigh deiridh mar thoradh ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach maidir le hiomaíochas earnáil foraoise an Aontais, tá an tSlóvaic fós den tuairim go n-ardaíonn cuimsiú ábhair atáirgthe foraoise i raon feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla ceisteanna bunúsacha maidir le comhréireacht an réitigh sin i bhfianaise mhéid agus shainiúlachtaí earnáil an ábhair atáirgthe foraoise. Mar shampla den chás sonrach sin in earnáil na foraoiseachta, thabharfaimis aird ar an méid seo a leanas: Murab ionann agus in earnálacha na tréidliachta, an bhia agus na talmhaíochta, ní thiocfaidh na hiarmhairtí a bhaineann le hábhar atáirgthe míchuí a úsáid in athchóiriú foraoise chun solais go dtí níos déanaí, tar éis blianta fada go minic.

Ag an am céanna, creidimid go bhféadfadh réiteach den chineál sin an t-ualach riaracháin agus airgeadais a mhéadú go míchuí d'údaráis inniúla agus oibreoirí gairmiúla araon, agus go mbeadh gá dá thoradh sin le hathruithe suntasacha ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach ar an leibhéal náisiúnta, rud a mbeadh tionchar ar leith aige ar na Ballstáit bheaga.